2022.M50T

2022L067A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Ceol

## Cumadóireacht

## Ardleibhéal

Déardaoin 23 Meitheamh    Tráthnóna 3:15 - 4:45

50 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus dáta do bhreithe sna boscaí atá ar an gclúdach tosaigh.

Tá **dhá** roinn ar an scrúdpháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn **A** | Cumadóireacht séise | 50 marc | 3 cheist |
| Roinn **B** | Armóin | 50 marc | 3 cheist |

- Freagair mar seo a leanas:

  ◦ ceist amháin as Roinn **A** – Cumadóireacht Séise

  **nó**

  ◦ ceist amháin as Roinn **B** – Armóin

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.

- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Marcáil an obair bhreise seo go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scriobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

| Roinn A | Cumadóireacht Séise | 50 marc |
|---|---|---|

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo:

**Ceist 1** Leanúint d'oscailt a thugtar (50 marc)

**nó**

**Ceist 2** Ceol a chur le téacs a thugtar (50 marc)

**nó**

**Ceist 3** Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar (50 marc)

**Ceist 1** **(50 marc)**

**Leanúint d'oscailt a thugtar**

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ fliúit

☐ trumpa

☐ cláirnéid

☐ veidhlín

**Sracobair**


Moderato
1
2
3
mf
4

**Ceist 2** **(50 marc)**
**Ceol a chur le téacs a thugtar**

Seo a leanas sliocht as an dán *Bean tSléibhe ag Caoineadh a Mic* le Padraig Mac Piarais

Brón ar an mbás, sé dhubh mo chroíse
D'fhuadaigh mo ghrá is d'fhág mé cloíte,
Gan chara, gan chompánach faoi dhíon mo thíse
Ach an léan seo im' lár, is mé ag caoineadh!

Cuireadh ceol leis an gcéad líne duit.

- Cuir ceol leis na focail eile chun séis 16 bharra a dhéanamh.
  (Tá cead agat níos mo ná an líon barraí seo a bheith ann agus bíodh modhnú san áireamh agat, más mian leat.)
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.

**Sracobair**


Moderato
mf
Brón ar an mbás, sé dhubh mo chroí-se

**Ceist 3** **(50 marc)**

**Cumadóireacht do rithim nó do mheadaracht nó d'fhoirm damhsa a thugtar**

Tugtar mír oscailte gabhóide thíos.

- Lean ar aghaidh leis an oscailt a thugtar chun séis 16 bharra a dhéanamh.
- Úsáid an fhoirm $AA^1BB^1$.
- Bíodh modhnú go dtí an ceannasach san áireamh agat ag pointe oiriúnach.
- Cuir comharthaí seanma cuí (míriú agus dinimic) leis an tséis.
- Roghnaigh uirlis as an liosta seo a leanas a bheadh oiriúnach don tséis agatsa:

☐ obó

☐ veidhlín

☐ trumpa

☐ fliúit Shasanach fhoréise

**Sracobair**


Moderato
mf
1
2
3
4

Ná scríobh ar an leathanach seo

| Roinn B | Armóin | 50 marc |
|---|---|---|

Gan ach ceist **amháin** a fhreagairt sa roinn seo:


| | | |
|---|---|---|
| **Ceist 4** | Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí | (50 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 5** | Dordnótaí agus comharthaí corda a chumadh d'fhonn a thugtar | (50 marc) |
| **nó** | | |
| **Ceist 6** | Cuntra-shéis nó forshéis agus taca cordúil a chur le fonn a thugtar | (50 marc) |

**Ceist 4** **(50 marc)**

**Cumadóireacht nótaí séise agus dordnótaí ó shraith cordaí**


**Réamhobair**: Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas E maol, i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | B♭<br>G<br>E♭ | | D<br>B♭<br>G | | | | A♭<br>F<br>D |
| Siombail an chorda | E♭ | | Gm | | | | D° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.
- Ag baint úsáid duit as na cordaí a thaispeántar, cum nótaí séise agus dordnótaí chun an dréacht a chríochnú sa stíl a thugtar.





Fm Fm/A♭ B♭7 E♭ E♭/G Cm
7 8 9
Fm B♭ A♭ B♭7 E♭
10 11 12
A♭ A♭/C B♭7/D B♭7
13 14
Cm A♭ E♭
15 16

**Ceist 5** **(50 marc)**


**Dordnótaí agus comharthaí corda a chumadh d'fhonn a thugtar**

**Réamhobair**: Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas A, i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| Nótaí an chorda | E C♯ A | | G♯ E C♯ | | | | D B G♯ |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Siombail an chorda | A | | C♯m | | | | G♯° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.
- Cuir isteach dordnótaí agus comharthaí corda oiriúnacha i stíl na hoscailte a thugtar.
- Ná bíodh an corda céanna agat sa suíomh céanna i mboscaí le hais a chéile.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.





7
8
9
10
11
12
13
14
15
16

**Ceist 6** **(50 marc)**


**Cuntra-shéis nó forshéis agus taca cordúil a chur le fonn a thugtar**


**Réamhobair:** Rianaigh na cordaí atá ar fáil duit i mórghléas F, i ngreille an chordbhainc nó ar an gcliath thíos.

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Nótaí an chorda | C<br>A<br>F | | E<br>C<br>A | | | | B♭<br>G<br>E |
| Siombail an chorda | F | | Am | | | | E° |
| An uimhir Rómhánach | I | ii | iii | IV | V | vi | vii° |




- Déan staidéar ar an dréacht ceoil seo a leanas.
- Cuir isteach comharthaí corda oiriúnacha sna boscaí atá ann dóibh.
- Lean le páirt na forshéise sa stíl a thugtar chun an dréacht a chríochnú.
- Ná bíodh an corda céanna agat sa suíomh céanna i mboscaí le hais a chéile.
- Is ceadmhach úsáid a bhaint as siombailí corda nó as uimhreacha Rómhánacha, ach gan úsáid a bhaint as an dá cheann.




7
8
9
10
11
12
13
14
15
16

**Obair bhreise**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Ceol Cumadóireacht

Déardaoin 23 Meitheamh

Tráthnóna 3:15 - 4:45

2022. M53T

2022L067A5IL

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2022

**SCRÍOBH DO SCRÚDUIMHIR ANSEO** ☛

**CEOL – ARDLEIBHÉAL**

**ÉISTEACHT – ÁBHAR ROGHNACH (100 marc)**

**DÉARDAOIN 23 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 5:00–5:45**

STAMPA AN IONAID

**DON SCRÚDAITHEOIR**

Móriomlán na marcanna

| CEIST | MARC | | |
|---|---|---|---|
| 1–4 | | | |
| IOMLÁN | | | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | | | |
| MÓRIOM. | | | |
| GRÁD | | | |

## TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ

- Scríobh do scrúduimhir sa bhosca thuas.
- Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh sa fhreagarleabhar seo.
- Baileoidh an Feitheoir do thaifeadadh fuaime réamhullmhaithe don ábhar roghnach seo.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Freagair gach ceist.**

1. Luaigh an teideal ar do thopaic Roghnach Éisteachta.

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

_ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

2. Liostaigh trí cinn de na foinsí a d'úsáid tú nuair a bhí staidéar á dhéanamh agat ar an topaic seo. Tá sonraí iomlána do chuid foinsí uile riachtanach. Má tá an t-idirlíon ar cheann de na foinsí agat, tabhair seoladh iomlán an tsuímh ghréasáin a d'úsáid tú le linn do thaighde.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

3. Ainmnigh cúig phíosa ceoil, chomh maith leis an gcumadóir nó leis an gceoltóir, a ndearna tú staidéar orthu mar chuid den ábhar roghnach seo agus atá ar an taifeadadh fuaime agat.

| Píosa | Cumadóir nó Ceoltóir |
|---|---|
| 1. | |
| 2. | |
| 3. | |
| 4. | |
| 5. | |

4.(a) Sainaithin trí ghné shuntasacha ceoil den topaic atá roghnaithe agat.

(i) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(ii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(iii) _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _ _

(b) Tabhair cuntas ar do thopaic roghnaithe agus déan cinnte de

- go ndéanann tú cur síos ar na trí ghné cheoil atá sainaitheanta thuas agat
- go dtaispeánann tú conas atá na trí ghné atá roghnaithe agat, agus gnéithe ceoil eile, i láthair sa cheol a bhfuil staidéar déanta agat air don ábhar roghnach seo
- go dtagraíonn tú do na sleachta ceoil uile atá ar do thaifeadadh
- go gcuireann tú san áireamh an chaoi a ndeachaigh an topaic roghnaithe i bhfeidhm ort féin.

**Leathanach bán**

2022L067A2IL

2022.M52T

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2022

# Ceol

## Éisteacht - Croíchúrsa

## Ardleibhéal

## Déardaoin 23 Meitheamh Tráthnóna 1:30 - 3:00

100 marc

| | |
|---|---|
| **Scrúduimhir** | |
| **Lá agus Mí do Bhreithe** | Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla |
| **Stampa an Ionaid** | |

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2022 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus dáta do bhreithe sna boscaí atá ar an gclúdach tosaigh.

Tá **sé** cheist sa scrúdpháipéar seo. Freagair gach ceist.

- Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh. Is ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid i gcomhair na cliathnodaireachta.
- Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás le haghaidh obair bhreise/sracoibre ar fáil i gcúl an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.
- Sula dtosaíonn an scrúdú, éist go cúramach leis an sliocht trialach. Mura féidir leat an taifeadadh a chloisteáil go soiléir, cuir in iúl don fheitheoir láithreach bonn é.
- Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.
- Beidh sosanna cuí san áireamh chun ligean duit na ceisteanna a léamh agus a fhreagairt.

**Ceist 1** **(25 marc)**

Cúig shliocht as an gcéad ghluaiseacht de *Choinséartó don Phianó i Mórghléas A K488* le Mozart.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Ainmnigh dhá uirlis éagsúla ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| |
|---|
| Uirlis 1: |
| Uirlis 2: |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**


**(b)** Déan cur síos ar dhá dhifríocht idir an ceol sa sliocht seo agus an ceol i **Sliocht 1**.
Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| |
|---|
| Difríocht 1: |
| |
| |
| |

| |
|---|
| Difríocht 2: |
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór de na barraí 1–4 sa sliocht priontáilte thíos.**




**(c)** Cuir isteach na **ceithre** nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór.

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Déan cur síos ar dhá ghné de cheol an phianó sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |
| |
| |

| Gné 2: |
|---|
| |
| |
| |

**Sliocht 5, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** D'fhéadfaí mionchaidéinse a thabhairt ar an gceol sa sliocht seo. Tabhair cúis amháin mar thacaíocht leis an ráiteas sin agus tú ag tagairt don cheol a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**(f)** Sainaithin an dúnadh ag deireadh an tsleachta.

| Freagra: |
|---|

**(g)** Déan cur síos ar ghné amháin den cheol a leanann díreach tar éis an cheoil sa sliocht seo in *Coinséartó don Phianó i Mórghléas A, K488* le Mozart.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 2** **(10 marc)**

Trí shliocht as *Symphonie Fantastique* le Berlioz.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Ainmnigh uirlis amháin ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(b)** Gné den tséis sa sliocht seo ná:

- ☐ sioncóipiú
- ☐ nótaí athdhéanta
- ☐ seichimh

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Déan cur síos ar dhá ghné den tionlacan sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |
| |
| |

| Gné 2: |
|---|
| |
| |
| |

**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Tá an t-aisiompú ar cheann de ghnéithe an tsleachta seo. Déan cur síos ar an aisiompú a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 3** **(10 marc)**

Dhá shliocht as *Seachanges (with Danse Macabre)* le Raymond Deane.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Ainmnigh an dá uirlis ar a seinntear an tséis ag tús an tsleachta seo.

| Uirlis 1: |
|---|

| Uirlis 2: |
|---|

**(b)** Tá *sul ponticello* ar cheann de ghnéithe an tsleachta seo.

(i) Mínigh *sul ponticello*.

| Freagra: |
|---|
| |
| |

(ii) Ainmnigh uirlis amháin a úsáideann *sul ponticello* sa sliocht seo.

| Uirlis: |
|---|

**(c)** Sa sliocht seo,

- ☐ seinntear leathchamáin ar an nguíoró
- ☐ seinntear tríríní ar an nguíoró
- ☐ seinntear camáin ar an nguíoró

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(d)** Sainaithin dhá dhifríocht idir an ceol a chloistear sa sliocht seo agus an ceol a chloistear i **Sliocht 1**. Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht 1: |
|---|
| |
| |
| |

| Difríocht 2: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 4** **(10 marc)**

Sliocht as *Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band* le the Beatles, a sheinnfear trí huaire.

- Tá na liricí priontáilte thíos.

| | |
|---|---|
| Líne 1 | We're Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band. |
| Líne 2 | We hope you will enjoy the show. |
| Líne 3 | Sergeant Pepper's Lonely Hearts Club Band, |
| Líne 4 | Sit back and let the evening go. |
| Líne 5 | Sergeant Pepper's Lonely, Sergeant Pepper's Lonely, |
| Líne 6 | Sergeant Pepper's Lonely <u>Hearts Club Band.</u> |
| Líne 7 | It's wonderful to be here, |
| Líne 8 | It's certainly a thrill, |
| Líne 9 | You're such a lovely audience, |
| Líne 10 | We'd like to take you home with us, |
| Líne 11 | We'd love to take you home. |

- Freagair na ceisteanna seo a leanas:

**(a)** Déan cur síos ar ghné amháin den cheol gutha sna línte 1–4.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**(b)** Gné den cheol ag deireadh líne 4 ná:

- ☐ airpéitse $D^7$ suas
- ☐ airpéitse $D^7$ síos
- ☐ nóta troitheánach D

**(c)** Is í rithim na bhfocal i líne 6 a bhfuil líne fúthu ná

☐ 

☐ 

☐ 

**(d)** Déan cur síos ar dhá ghné den tionlacan sna línte 7–11 den sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |
| |
| |

| Gné 2: |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(25 marc)**

**Ceol Gaelach.** Freagair **A** agus **B**. Tabhair faoi deara go bhfuil rogha ceisteanna in **B**.

**A.** Cloisfidh tú trí shliocht, gach ceann díobh á sheinm trí huaire.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1.**

**(a)** Sainaithin an cineál fonn damhsa a chloistear sa sliocht seo.
Tabhair an t-amchomhartha agus barra rithime amháin a bhaineann leis.

| An cineál damhsa | An t-amchomhartha | Barra rithime |
|---|---|---|
| | | |

**(b)** Ainmnigh an uirlis ar a seinntear an tséis sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(c)** Déan cur síos ar ghné neamhthraidisiúnta amháin den cheol a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**Sliocht 2.**

**(d)** Sainaithin stíl na hamhránaíochta sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(e)** Sainaithin dhá ghné de stíl seo na hamhránaíochta mar a chloistear sa sliocht seo iad.

| Gné 1: |
|---|

| Gné 2: |
|---|

**(f)** Cé acu ceann díobh seo atá le cloisteáil sa sliocht seo?

- ☐ 7ú íslithe
- ☐ seicheamh
- ☐ scála mantach

**Sliocht 3.**

**(g)** Sainaithin an cineál foinn a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(h)** Sainaithin an uirlis ar a seinntear an fonn sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|

**(i)** Sainaithin dhá ghné thraidisiúnta den cheol a chloistear sa sliocht seo.

| Gné 1: |
|---|
| |

| Gné 2: |
|---|
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**B** Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

(i) Déan plé ar an ornáidíú i gceol uirlise traidisiúnta na hÉireann.

(ii) Scríobh cuntas ar na forbairtí a tharla i gceol traidisiúnta na hÉireann sa 20ú haois.

(iii) Scríobh cuntas ar thraidisiún na hamhránaíochta i gceol traidisiúnta na hÉireann.

(iv) Scríobh cuntas ar thraidisiún an cheoil rince i gceol traidisiúnta na hÉireann.

(v) Déan plé ar thraidisiún na píbe uilleann nó ar thraidisiún na cruitireachta i gceol traidisiúnta na hÉireann.

Cuir in iúl cén cheist a roghnaigh tú (i) ☐ (ii) ☐ (iii) ☐ (iv) ☐ (v) ☐

| Freagra: |
| --- |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

*Lean le do fhreagra ar leathanaigh 15–16. Tosaíonn C.6 ar leathanach 17.*

**Ceist 6** **(20 marc)**

**Scileanna Éisteachta.** Tá an cheist seo bunaithe ar shé shliocht ceoil.

- Freagair na ceisteanna ar gach sliocht.

**Sliocht 1, a sheinnfear trí huaire.**

**(a)** Déan cur síos ar uigeacht an cheoil a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

**Sliocht 2, a sheinnfear trí huaire.**

**(b)** Déan cur síos ar ghné amháin de cheol an phianó a chloistear sa sliocht seo.

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |


**Sliocht 3, a sheinnfear trí huaire.**

**(c)** Is as damhsa an bháis a baineadh an ceol a chloistear sa sliocht seo. Conas a léiríonn an cumadóir damhsa an bháis sa cheol a chloistear sa sliocht seo?

| Freagra: |
|---|
| |
| |
| |

*Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.*

**Sliocht 4, a sheinnfear trí huaire. Tá breac-scór priontáilte thíos.**




**(d)** Cuir isteach na **cúig** nóta atá ar iarraidh ag **X** ar an scór.

**Sliocht 5 agus Sliocht 6, a sheinnfear trí huaire.**

**(e)** Sainaithin dhá dhifríocht idir an ceol a chloistear 1 **Sliocht 5** agus an ceol a chloistear i **Sliocht 6**. Déan tagairt don dá shliocht i do fhreagra.

| Difríocht 1: |
| --- |
| |
| |
| |

| Difríocht 2: |
| --- |
| |
| |
| |

**Tá trí nóiméad agat chun an scrúdpháipéar a chríochnú.**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

**Obair bhreise / Sracobair**

Ná scríobh ar an leathanach seo

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Ceol Éisteacht - Croíchúrsa

Déardaoin 23 Meitheamh

Tráthnóna 1:30 - 3:00